EirGrid

EirGrid.ie/offshore

# Dul i bhFeidhm ar ár bhFuinneamh Amach ón gCósta san Am atá le Teacht



Táimid ag baint leasa as cumhacht na gaoithe le go mbeidh Éire níos neamhspleáiche ó thaobh an fhuinnimh de





# Clár Ábhair


Faisnéis chúlra faoin gclár seo 5

Tabhair cuairt ar chruinniú eolais poiblí 10

Glac páirt i Seó Bóthair do Shaoránaigh maidir le Fuinneamh Amach ón gCósta 11

Bí páirteach le Fóram Pobail an Chósta Theas do chónaitheoirí agus do ghnólachtaí 11

Léigh ár rannán maidir le ceisteanna agus freagraí 14



# Cé hiad EirGrid agus cad a dhéanaimid?

Déanann EirGrid eangach leictreachais na hÉireann a fhorbairt, a bhainistiú agus a oibriú. Táimid freagrach as soláthar leictreachais sábháilte, slán agus iontaofa a chur ar fáil in Éirinn. An dualgas atá orainn ná leictreachas a thabhairt ón áit a mbíonn sé á ghiniúint chuig an áit a mbíonn sé ag teastáil ar fud na hÉireann, ar tír agus amach ón gcósta.

Tá EirGrid ar thús cadhnaíochta freisin maidir le haistriú slán na heangaí chuig todhchaí inbhuanaithe ísealcharbóin.

Cuireann bonneagar maith eangaí leictreachais le forbairt reatha ár sochaí agus ngeilleagair. Ach chomh tábhachtach céanna, cuideoidh an obair a dhéantar anois chun an eangach a fheabhsú le todhchaí fuinnimh níos inbhuanaithe a chruthú amach anseo.

Cé nach bhfuil sé faoi chúram EirGrid, leictreachas a ghiniúint nó feirmeacha gaoithe a thógáil, tá sé faoinár gcúram an bonneagar giniúna leictreachais, amhail feirmeacha gaoithe amach ón gcósta agus ar tír, a cheangail leis an eangach leictreachais náisiúnta.

# Céard atá i gceist le Ag Dul i bhFeidhm ar ár bhFuinneamh Amach ón gCósta san Am atá le Teacht?

Tá ról lárnach ag an gcósta theas (Corcaigh, Port Láirge agus Loch Garman) maidir le fuinneamh amach ón gcósta a chur chun cinn in Éirinn agus maidir le heangach leictreachais inbhuanaithe a chruthú le go mbeimid níos neamhspleáiche ó thaobh an fhuinnimh de.

Leagtar béim mhór ar chumhacht na gaoithe sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2023, agus gealltanas Rialtas na hÉireann go dtiocfaidh suas le 80% d'fhuinneamh na tíre ó fhoinsí in-athnuaite faoi dheireadh 2030.


Mar chuid do Dhul i bhFeidhm ar ár bhFuinneamh Amach ón gCósta san Am atá le Teacht, tá rún ag EirGrid fostáisiúin leictreachais amach ón gcósta a fhorbairt, mar aon leis na cáblaí leictreachais faoin bhfarraige a ghabhann leo. Leis an mbonneagar nua seo, tógfar an leictreachas a ghintear sna feirmeacha gaoithe amach ón gcósta ar ais chuig an eangach leictreachais náisiúnta.

Chun an sprioc seo a bhaint amach, ní mór dúinn na nithe seo a leanas a fhorbairt:

- Fostáisiún amach ón gcósta ó Phort Láirge nó ó Loch Garman;
- Fostáisiún amach ón gcósta ar chósta Chorcaí;
- Ceangal idir na fostáisiúin amach ón gcósta agus na fostáisiúin ar tír atá ann cheana féin. Beidh cáblaí faoin bhfarraige agus faoi thalamh ag teastáil chuige seo; agus
- Fostáisiúin nua a bheidh gar do na fostáisiúin ar tír atá ann cheana féin.

Cuideoidh sé seo linn suas le 900 meigeavata leictreachais sa bhreis a sholáthar - á dhóthain chun fuinneamh glan a sholáthar do nach mór milliún teach. Ginfear an leictreachas nua seo ag feirmeacha gaoithe amach ón gcósta in uiscí na hÉireann.

Ní mór dúinn an eangach leictreachais amach ón gcósta a fhorbairt chun an oiread tairbhe agus is féidir a bhaint as na féidearthachtaí a bhaineann le fuinneamh gaoithe amach ó chósta na hÉireann agus níos mó seasmhachta a chuir le soláthar leictreachais ó fhoinse ghlan, in-athnuaite.




*Figiúr 1: Cumraíocht thipiciúil de ghnéithe a bhaineann le heangach amach ón gcósta agus mar a bhíonn sí á ceangal leis an eangach ar tír.*

## Cén fáth a bhfuil gá leis an gclár seo?

Beidh an clár seo ina chabhair spleáchas na hÉireann ar bhreosla iontaise, amhail gual agus gás a laghdú, agus beidh Éire níos neamhspleáiche ó thaobh an fhuinnimh de. Chun é seo a bhaint amach, ní mór dúinn fuinneamh in-athnuaite a ghintear amach ón gcósta a cheangal leis an eangach leictreachais.

Bainfidh dea-thionchar suntasach go díreach agus go hindíreach le fuinneamh in-athnuaite a ghintear amach ón gcósta agus bainfidh buntáistí sóisialta agus eacnamaíoch leis chomh maith, mar aon le deiseanna a chruthú go háitiúil agus go náisiúnta.

## Cad atá ag tarlú anois?

Táimid ag cur tús le plean rannpháirtíochta maidir leis an bhfuinneamh amach ón gcósta i gceantair chósta i gCorcaigh, i bPort Láirge agus i Loch Garman theas. Leis seo, spreagfar feasacht maidir leis na pleananna atá againn, rachfar i dteagmháil le páirtithe leasmhara agus beidh sé de sprioc againn comhairliúchán poiblí a chur ar bun san fhómhar i 2023.

Níl cinneadh déanta go fóill maidir le cá lonnófar na fostáisiúin amach ón gcósta nó maidir le cén chaoi agus cén áit a mbeidh siad á gceangal leis an eangach leictreachais náisiúnta ar tír. Táimid im mbun taighde faoi láthair maidir leis na roghanna éagsúla atá ar fáil agus roinnfear torthaí an taighde nuair a bheidh sé curtha i gcrích san fhómhar i 2023. Cuirfear béim mhór ar chomhairliúchán agus ar rannpháirtíocht le linn an phróisis. Mar aon lenar gcuid staidéar, beidh d'ionchur mar threoir leis na cinntí a dhéanfar maidir leis na roghanna ba chóir a ghlacadh.

Tá iarratais á dhéanamh againn faoi láthair ar cheadúnais mhara chun suirbhéireacht mhara a dhéanamh a chuideoidh linn eolas a thabhairt do na cinntí maidir leis an gclár seo.

Rachaimid i dteagmháil leis na páirtithe leasmhara mara ar fad mar a thugaimid faoin gcuid seo den chlár oibreacha agus coinneoimid i dteagmháil leo mar a leanfaidh an tionscadal ar aghaidh.



# Cén buntáistí a bhainfidh leis an tionscadal seo?

## Seasmhacht agus iontaofacht an tsoláthair

Agus eangach leictreachais níos iontaofa agus níos seasmhaí á tógáil againn, cinnteofar go mbeidh fuinneamh ag gach duine san am agus san áit a mbíonn sé ag teastáil. Ginfear níos mó leictreachais go háitiúil sa tslí seo, agus cuideoidh an tionscadal linn bheith níos neamhspleáiche ó thaobh an fhuinnimh de.

## Inbhuanaitheacht

De dheasca, Ag Dul i bhFeidhm ar ár bhFuinneamh Amach ón gCósta san Am atá le Teacht, beidh daoine ar fud an oirdheiscirt agus ar fud na hÉireann in ann leictreachas a úsáid ina dtithe agus ina ngnólachtaí ar gineadh as fuinneamh in-athnuaite amach ón gcósta. Is céim ríthábhachtach é seo chun cabhrú le hÉirinn aistriú chuig leictreachas ísealcharbóin amach anseo.

## Freastal ar na riachtanais a bheidh ann amach anseo

Mar a thagann forbairt ar an tsochaí agus ar an ngeilleagar, tá níos mó leictreachais á úsáid againn. Cuideoidh an clár seo linn freastal ar an éileamh seo gan an lorg carbóin a mhéadú.

## Buntáistí eacnamaíocha

Neartóidh an clár criticiúil seo an geilleagar ar fud an cheantair chósta ó dheas agus cuirfidh an rochtain ar eangach leictreachais láidir le spreagadh agus le tacaíocht sa tionsclaíocht ó thaobh infheistíochta de.

## Buntáistí sóisialta agus pobail


Tacóidh an beartas leasa pobail go díreach le pobail áitiúla sna ceantair ina mbeidh bonneagar an chláir á óstáil.

# Limistéar Staidéir Amach ón gCósta

Is é an limistéar staidéir amach ón gcósta ná an limistéar mara ina ndéanfar an mheasúnacht agus an taighde luath maidir leis an mbonneagar leictreachais a theastóidh ón gclár Ag Dul i bhFeidhm ar ár bhFuinneamh Amach ón gCósta san Am atá le Teacht. Os é gur clár é seo a mbeidh impleachtaí aige ar go leor ceantair éagsúla, táimid tar éis limistéir mhóra a roghnú don taighde. Déanfar cúngú ar na limistéir seo mar a leanfaidh an tionscadal ar aghaidh agus de réir aiseolas ó pháirtithe leasmhara.

## Limistéar Staidéir Amach ón gCósta i gCorcaigh

Téann an limistéar staidéir seo amach ón gcósta ón Rinn Rua (gar do O'Rahilly View) go hEochaill agus téann sé chomh fada amach leis an teorann 12 mhíle farraige (MF) (thart ar 22 chiliméadar ón gcladach).



## Limistéar Staidéir Amach ón gCósta ó Phort Láirge agus ó Loch Garman

Téann an limistéar staidéir seo amach ón gcósta ó Bhaile na Cúirte agus Cluain Aodha i gCo. Phort Láirge go Trá Bhaile Chuilinn i gCo. Loch Garman agus téann sé chomh fada amach leis an teorann 12 mhíle farraige (MF) (thart ar 22 chiliméadar ón gcladach).

## Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta (SACs) agus Limistéir faoi Chosaint Speisialta (SPAs) laistigh de na limistéir staidéir amach ón gcósta

Tá roinnt limistéar íogair comhshaoil, agus áiteanna atá tábhachtach ó thaobh na héiceolaíochta de, le haithint laistigh de na limistéir staidéir amach ón gcósta, Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta (SACs) agus Limistéir faoi Chosaint Speisialta (SPAs) san áireamh; tá siad seo forleathan ar fud chósta na hÉireann ag inbhir agus ag urthránna i gCorcaigh, i bPort Láirge agus i Loch Garman. Tá EirGrid ar an eolas faoi na limistéir seo agus táimid tiomanta dá gcosaint leanúnach de réir mar a thugtar faoin bhforbairt riachtanach ar bhonneagar eangaí amach ón gcósta. Déanfar na limistéir íogair comhshaoil seo a sheachaint agus na tionscadail á láithreánú agus á ródú ach murar féidir na limistéir a sheachaint, déanfar cinnte go gcloífear le dea-chleachtas maidir le cosaint agus le cur chun cinn na timpeallachta nuair a bheidh iniúchadh láithreáin nó obair thógála ar siúl sna limistéir seo.



## Faigh tuilleadh eolais agus bí páirteach

Tá gach eolas faoin tionscadal seo ar fáil ag eirgrid.ie/offshore.
Is féidir linn cóip den eolas a sheoladh chugat sa phost chomh maith.

Más maith leat eolas a fháil sa phost, déan teagmháil le duine dár n-oifigeach idirchaidrimh don phobal le do thoil.
Féach ar leathanach 12 do shonraí teagmhála.



## Imeachtaí eolais phoiblí

Tabhair cuairt ar cheann de na himeachtaí eolais poiblí a bheidh á reáchtáil sa limistéar staidéir chun tuilleadh eolais a fháil agus chun labhairt le saineolaithe de chuid na foirne.

| Ionad | Dáta | Am |
| --- | --- | --- |
| Óstán na Páirce, Dún Garbháin | 6 Meitheamh 2023 | 12pm go 8pm |
| Óstán Gharraí Bhoithe, Garraí Bhoithe, Co. Chorcaí | 7 Meitheamh 2023 | 12pm go 8pm |
| Halla Pobail Mhuire, Fiodh Ard, Co. Loch Garman | 12 Meitheamh 2023 | 12pm go 8pm |
| Óstán Walter Raleigh, Eochaill, Co. Chorcaí | 14 Meitheamh 2023 | 12pm go 8pm |
| An t-Óstán Majestic, An Trá Mhór, Co. Phort Láirge | 15 Meitheamh 2023 | 12pm go 8pm |
| Ionad Pobail an Chóibh, An Cóbh, Co. Chorcaí | 20 Meitheamh 2023 | 12pm go 8pm |

# Seónna Bóthair do Shaoránaigh maidir le Fuinneamh Amach ón gCósta

Buail le foireann EirGrid agus leis an bpainéal saineolaithe ag ceann de na Seónna Bóthair do Shaoránaigh maidir le Fuinneamh Amach ón gCósta. Foghlaimeoidh tú níos mó faoi na hábhair seo a leanas:

- todhchaí na heangaí leictreachais,
- micreaghiniúint, an leictreachas breise ó do phainéil ghréine a dhíol ar ais leis an eangach, cuir i gcás,
- pobail fuinnimh inmharthana, uasghrádú fuinnimh tí, agus
- deiseanna forbartha réigiúnacha a bhaineann leis an aistriú fuinnimh.

Beidh fáilte roimh chách ag na hócáidí seo, cláraigh ar líne le do thoil ar eirgrid.ie/offshore nó trí ríomhphost a sheoladh chuig southcoastoffshore@eirgrid.ie.

| Ionad | Dáta | Am |
|---|---|---|
| An t-Óstán Carrigaline Court, Carraig Uí Leighin, Co. Chorcaí | 21 Meitheamh 2023 | 6.30pm go 8.30pm |
| Óstán an Túir, Cathair Phort Láirge | 22 Meitheamh 2023 | 6.30pm go 8.30pm |

## Fóram Pobail maidir le Fuinneamh Amach ón gCósta ó Dheas

Mar chuid de straitéis rannpháirtíocht phoiblí EirGrid, agus muid ag obair chun todhchaí a bhaint amach a mbeidh fuinneamh níos glaine ann, agus chun an gealltanas a thugaimid go mbeidh riachtanais saoránach ag croílár gach cinneadh a dhéanaimid a chomhlíonadh, eagraímid fóram pobail mar chuid de gach tionscadal bonneagair, a chinntíonn go dtugtar cluas éisteachta don phobal agus go dtugtar tacaíocht don phobal ag gach céim den phróiseas.

Táimid ag súil go gcuirfear an-suim sa gclár bonneagar eangaí seo amach ón gcósta. Mar gheall ar seo, tá Fóram Pobail maidir le Fuinneamh Amach ón gCósta ó Dheas á reáchtáil againn le go n-éascófar cumarsáid, comhairliúcháin agus rannpháirtíocht le daoine áitiúla agus le gnólachtaí sa cheantar. Ag brath ar an éileamh a bheidh ar an bhfóram agus ar thuairimí an phobail faoin luach a bhainfeadh lena leithéid a chur i bhfeidhm, d'fhéadfadh go n-eagrófar fóraim bhreise i gcúpla ceantar éagsúil.

Má tá suim agat nó ag do chomhlacht bheith páirteach san fhóram seo, seol ríomhphost chuig southcoastoffshore@eirgrid.ie le do thoil.


## Fóram maidir le Bonneagar Amach ón gCósta ó Dheas

Chun an oiread deiseanna eacnamaíocha agus sóisialta agus is féidir a bhaint amach mar gheall ar fhorbairt an bhonneagair seo, beimid ag obair as lámh a chéile le comhlachtaí eile stáit, le húdaráis áitiúla, le hinstitiúidí oideachais, le hionadaithe gnó agus le heagraíochtaí forbartha pobail mar chuid d'fhóram nua, an Fóram maidir le Bonneagar Amach ón gCósta ó Dheas. Beidh cathaoirleach neamhspleách ar an bhfóram seo.

# Cé leis ar féidir liom teagmháil a dhéanamh?

Ríomhphost: southcoastoffshore@EirGrid.ie

Déan teagmháil leis an Oifigeach Idirchaidrimh Pobail:



Michelle Walsh
Oifigigh Idirchaidrimh Pobail
+353 85 870 4999
southcoastoffshore@EirGrid.ie



Eoghan O'Sullivan
Oifigigh Idirchaidrimh Pobail
+353 87 247 7732
southcoastoffshore@EirGrid.ie





# Ceisteanna a chuirtear go minic

## Céard is bonneagar eangaí ann?

Is é an eangach leictreachais a cheanglaíonn úsáideoirí fuinnimh le chéile, amhail scoileanna, gnólachtaí, tithe cónaithe agus feirmeacha, le gineadóirí fuinnimh. Tá an eangach deartha sa chaoi is go bhféadfaidh leis an bhfuinneamh taisteal go héasca chuig an áit a mbeidh sé ag teastáil.

Is éard atá i gceist le bonneagar eangaí ná na struchtúir fhisiciúla as a ndéantar an eangach tarchuir chumhachta. Áirítear leo seo, na cáblaí faoi thalamh agus sreangaí lasnairde trína dtarchuirtear leictreachas, na piolóin ar a gcrochtar na sreangaí lasnairde agus na fostáisiúin ina dtiontaítear an sruth leictreachais agus ina n-ardaítear nó a n-íslítear voltas an tsrutha.

Go dtí seo, is ar talamh den chuid is mó, a bhí an bonneagar seo. Leis an tionscadal Ag Dul i bhFeidhm ar ár bhFuinneamh Amach ón gCósta san Am atá le Teacht, teastaíonn uainn an bonneagar a leathnú amach i dtreo na farraige, mar a dhéanfaimid forbairt ar an mbonneagar eangaí amach ón gcósta (fostáisiúin amach ón gcósta agus cáblaí muirí).

## Cén plean atá ag an Rialtas maidir le Forbairt Gaoithe Amach ón gCósta?

Sa Ráiteas Beartais Rialtais maidir le Creat Chéim a Dó, Gaoth Amach ón gCósta, tá sé leagtha amach gur mhian leis an Rialtas go mbeadh 5 gigeavata (GV) ar a laghad á ghineadh leis an ngaoth amach ón gcósta, agus an fuinneamh sin á aistriú slán go dtí an eangach, faoi 2030. Chomh maith leis seo, leagtar amach sa bheartas gur mian leis an rialtas 2 GV breise, den fhuinneamh gaoithe ar snámh amach ón gcósta, bheith á fhorbairt faoi 2030. Tabharfar Cuid 2 ar an gclár 5 GV agus Cuid 3 ar an gclár 2 GV.

## Céard a bheidh ar siúl i bhfómhar na bliana seo?

Foilseofar níos mó eolais san fhómhar a mbeidh níos mó sonraí ann faoin gclár. Sa chéad cúpla mí eile, beimid ag tabhairt faoi na measúnachtaí teicniúla agus timpeallachta. San fhómhar, beidh gearrliosta curtha i dtoll a chéile againn de rogha láithreán, ar tír agus amach ón gcósta, ina bhféadfaí an bonneagar a thógáil.
Foilseoimid an t-eolas seo agus beimid ag dul i gcomhairle leat chun aiseolas a lorg. Cuirfimid roghanna láithreán ar fáil do na struchtúir seo a leanas:

- Fostáisiúin amach ón gcósta,
- Radharc talún (seo láithreáin le cósta áit a dtiocfaidh na cáblaí fomhuirí i dtír),
- Ceangail leis an eangach (láithreáin ar an eangach reatha, lena gceanglófar an fuinneamh amach ón gcósta),
- Fostáisiúin ar tír.

## An forbróir feirmeacha gaoithe é EirGrid?

Ní hea, ní forbróir feirmeacha gaoithe é EirGrid. Is forbróir eangaí leictreachais na hÉireann é EirGrid, agus tá sé de dhualgas orainn cumhacht a ghintear ó fhoinsí in-athnuaite, amhail fuinneamh gaoithe amach ón gcósta, a cheangail leis an eangach le go mbeadh daoine agus gnólachtaí timpeall na tíre in ann leas a bhaint as.
Ní shuiteálann EirGrid bonneagar giniúna fuinnimh (amhail tuirbíní gaoithe), atá tógtha ag forbróirí príobháideacha. Mar chuid den chlár seo,

soláthróidh EirGrid an bonneagar a bheidh ag teastáil chun an fuinneamh a ghinfear sna tuirbíní gaoithe a cheangail leis an eangach leictreachais; fostáisiúin amach ón gcósta, cáblaí faoin bhfarraige agus ar tír.

## Cén fáth a bhfuil EirGrid ag díriú ar an gCósta Theas?

Tá an limistéar seo ar an gCósta Theas feiliúnach chun forbraíochtaí fuinnimh ghaoithe a cheangail leis an eangach leictreachais, agus láithreáin ann ar tír ina bhféadfaí ceangail a dhéanamh leis an eangach, gar go leor do láithreáin amach ón gcósta a bhféadfaí forbairt a dhéanamh iontu.

Cinnteoidh láithreáin straitéiseacha na bhfostáisiún amach ón gcósta go n-éireoidh leis an bhforbairt ar an bhfuinneamh gaoithe amach ón gcósta theas de réir plean cuimsitheach a leagfar amach. An sprioc atá leis an bplean ná go roghnófar na láithreáin forbartha bunaithe ar an aiseolas a gheofar ón bpobal agus ó pháirtithe leasmhara chomh maith le dea-chleachtas riachtanais timpeallachta, go gcinnteofar go dtógfar é san áit is feiliúnaí.

## Céard atá ar siúl ar an gcósta thoir agus ar an gcósta thiar?

**An cósta thoir**
Tá cúig thionscadal fuinnimh á bhforbairt ar an gcósta thoir faoi láthair (Dún Dealgan go dtí an tInbhear Mór). Mar a dhéantar agus tionscadail fhuinnimh in-athnuaite ar tír á bhforbairt, beidh na tionscadail seo sa chéad cheant don fhuinneamh gaoithe amach ón gcósta faoin Scéim Tacaíochta Leictreachais In-athnuaite (ORESS 1), agus na tionscadail a n-éiríonn leo sa cheant ag dul ar aghaidh chuig céim iarratais na gceadúnas pleanála.

De réir an phróisis reatha, ar a dtugtar Cuid 1, forbrófar leis na tionscadail seo, an bonneagar eangaí gaolmhar ar fad atá ag teastáil chun é a cheangail leis an eangach atá ann cheana féin.

**An cósta thiar**
Tá tionscadal amháin á fhorbairt ar an gcósta thiar (Conamara) a chuirfear a bheidh sa cheant ORESS 1 chomh maith.

EirGrid
An tUbhchruth, 160 Bóthar Shíol Bhroin,
Baile Átha Cliath, 4D04 FW28
01 627 1700 | EirGrid.ie

CARBON BALANCED PAPER
WORLD LAND TRUST™
www.carbonbalancedpaper.com
CBP002856